AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.4.2024
COM(2024) 175 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le tarmligean na cumhachta gníomhartha tarmligtha a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE

1. Réamhrá

Chun tacú le hiarrachtaí digitithe na hearnála muirí, áirítear sraith beart chun comhchuibhiú agus simpliú a bhaint amach sa tuairisciú muirí i Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE[1] (Rialachán EMSWe). Tháinig Rialachán EMSWe i bhfeidhm an 15 Lúnasa 2019 ach ní bheidh feidhm ag a fhorálacha go dtí an 15 Lúnasa 2025.

Le Rialachán EMSWe bunaítear pointe iontrála aonair i ngach Ballstát chun na hoibleagáidí tuairiscithe uile a bhaineann le cuairt ar chalafort a chomhlíonadh. Is é is sprioc don Rialachán malartú lándigiteach idir gnólachtaí agus rialtais a chumasú maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear ar longa agus iad ag tabhairt cuairt ar chalafort san Aontas. Chun costais íosta a áirithiú agus chun infheistíochtaí a rinneadh roimhe seo a chosaint, tá an timpeallacht tuairiscithe nua bunaithe den chuid is mó ar na córais leagáide atá ann cheana sna hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta arna mbunú le Treoir 2010/65/AE.

Is iad bunchlocha Rialachán EMSWe comhchuibhiú sainmhínithe agus formáidí sonraí, agus bearta chun feabhas a chur ar shreabha sonraí le haghaidh éifeachtúlacht mhéadaithe. Chuige sin, le hAirteagal 3 de Rialachán EMSWe tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán a leasú chun tagairtí do reachtaíocht nó do cheanglais náisiúnta, do ghníomhartha dlí de chuid an Aontais nó d'achtanna idirnáisiúnta a thabhairt isteach, a scriosadh nó a oiriúnú, agus chun tacar sonraí EMSWe a bhunú agus a leasú. Éilítear le tacar sonraí EMSWe, *inter alia*, nuashonruithe tráthrialta freisin, chun a áirithiú go ndéanfar é a ailíniú le ceanglais sonraí custaim a leagtar amach in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/2446[2] agus in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/2447[3] agus le Samhail Sonraí Custaim an Aontais lena mbaineann, agus le Coimre FAL IMO[4] faoin gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta, lena n-éascaítear idir-inoibritheacht idir údaráis éagsúla.

Tá an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán EMSWe tugtha don Choimisiún ar feadh tréimhse 4 bliana ón 14 Lúnasa 2019. Cuirtear síneadh le tarmligean na cumhachta go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid mura gcuireann an Pharlaimint nó an Chomhairle in aghaidh an tsínidh sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

[1] IO L 198, 25.7.2019, lch. 64.
[2] IO L 343, 29.12.2015, lch. 1. Nasc chuig an leagan comhdhlúite is déanaí: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/2023-03-14
[3] IO L 343, 29.12.2015, lch. 558. Nasc chuig an leagan comhdhlúite is déanaí: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/2023-03-15
[4] https://imocompendium.imo.org/public/IMO-Compendium/Current/index.htm.

I gcomhréir le hAirteagal 23(2), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Cumhdaítear an oibleagáid sin leis an tuarascáil seo.

2. Cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú

Ó tháinig Rialachán (AE) 2019/1239 i bhfeidhm an 15 Lúnasa 2019 go dtí gur foilsíodh an tuarascáil sin, d'fheidhmigh an Coimisiún uair amháin an chumhacht a bhí aige gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. An 7 Samhain 2022, ghlac sé Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tacar sonraí Eorpach maidir leis an timpeallacht Ionaid Ilfhreastail Mhuirí a bhunú agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis[5] (an Rialachán Tarmligthe).

Glacadh an Rialachán Tarmligthe tar éis sprioc-am an 15 Lúnasa 2021 a leagtar síos in Airteagal 3(3) de Rialachán EMSWe. Bhain na cúiseanna leis an moill ar ghlacadh an Rialacháin Tharmligthe le castacht na ngníomhaíochtaí samhaltaithe sonraí de thoradh an iliomaid bunúis dlí agus, an tráth céanna, leis an deacracht a bhí ag údaráis na mBallstát liosta na n-oibleagáidí tuairisciúcháin náisiúnta a chur faoi bhráid an Choimisiúin in am trátha in éineacht leis na heilimintí sonraí comhfhreagracha a iarradh ar dhearbhóirí ina gcalafoirt. Bhí tionchar ag géarchéim COVID-19 freisin ar an bpróiseas bailithe sonraí, ós rud é go raibh údaráis na mBallstát in earnáil an mhuiriompair ag gabháil d'iliomad cásanna bainistithe géarchéime agus, dá bhrí sin, go raibh orthu tosaíocht a thabhairt do shaincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte.

Leis an Rialachán Tarmligthe, bunaíodh tacar sonraí EMSWe, ris é sin liosta iomlán na n-eilimintí sonraí a eascraíonn as oibleagáidí tuairiscithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán EMSWe. Tá an tacar sonraí fairsing agus cuimsitheach, roinnte ina 92 ghrúpa sonraí, a bhfuil eilimint sonraí amháin nó níos mó i ngach ceann acu. San iomlán, liostaítear sa tacar sonraí níos mó ná 1120 eilimint sonraí, lena n-áirítear a n-aitheantóir, a n-ainm, a dtuairisc agus a bhformáid. Ina theannta sin, tá tagairt i ngach eilimint sonraí do mhapáil Shamhail Sonraí Custaim an Aontais agus do Choimre IMO (i gcás inarb ábhartha), agus d'aon liosta cód ábhartha nó riail ghnó is infheidhme.

Ina theannta sin, leis an Rialachán Tarmligthe rinneadh leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán EMSWe ina bhfuil mionsonraí maidir le hoibleagáidí tuairiscithe. D'eascair an gá atá leis na hathruithe sin as nuashonruithe ar an reachtaíocht fholuiteach, lena n-áirítear dlíthe an Aontais, dlíthe náisiúnta agus dlíthe idirnáisiúnta atá ann cheana a leasú nó dlíthe eile a chur ina n-ionad, agus tagairtí níos sonraí do théacsanna reachtacha atá ann faoi láthair a chur isteach. De bharr na n-athruithe iomadúla, rinneadh an Iarscríbhinn a ionadú ar bhealach iomlán cuimsitheach.

[5] IO L 33, 3.2.2023, lch. 24.

I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ní mór don Choimisiún[6], sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, dul i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát. Agus an Rialachán Tarmligthe á ullmhú aige, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát agus le hoibreoirí san earnáil ghnó mhuirí atá rannpháirteach i bhfoghrúpa saineolaithe EMSWe den Ghrúpa Stiúrtha Ardleibhéil um Rialachas an Chórais agus na Seirbhísí Muirí Digiteacha[7], a thacaigh leis na forálacha a áirítear sa ghníomh tarmligthe.

Le linn an phróisis nós imeachta agus cinnteoireachta, d'áirithigh an Coimisiún go ndéanfaí doiciméid ábhartha a tharchur go hiomchuí chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle araon. Ní dhearna an Pharlaimint ná an Chomhairle agóid in aghaidh ghlacadh an Rialacháin Tharmligthe.

Chun a áirithiú go ndéanfar nuashonrú tapa ar liosta na n-oibleagáidí ábhartha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán EMSWe agus ar thacar sonraí EMSWe, measann an Coimisiún gur cheart an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar dó le Rialachán EMSWe a choinneáil i bhfeidhm fad a bheidh Rialachán EMSWe fós infheidhme. Sa chomhthéacs sin, tá an Coimisiún ag súil gur gníomhaíocht riachtanach athfhillteach é an leasú ar thacar sonraí EMSWe, agus na spleáchais láidre ar theacht chun cinn leanúnach reachtaíocht an Aontais, coinbhinsiún idirnáisiúnta, agus reachtaíochta náisiúnta a chur san áireamh. Dá bhrí sin, beidh gá fós leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh nó a leasú chun cur chun feidhme agus feidhmiú cuí thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail Mhuirí Eorpaigh a áirithiú. I ndáil leis sin, tá seirbhísí an Choimisiúin, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, ag plé cheana féin le saineolaithe na mBallstát an gá atá le Rialachán tarmligthe nua ón gCoimisiún in 2024 chun tacar sonraí EMSWe a leasú agus chun liosta na n-oibleagáidí tuairiscithe ábhartha faoi Rialachán EMSWe a choigeartú.

3. Conclúid

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún a oibleagáid tuairisciú don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir leis an úsáid a bhaineann sé as cumhachtaí tarmligthe faoi Airteagal 23 de Rialachán EMSWe. Cuireann an Coimisiún an tuarascáil seo maidir le húsáid a chumhachtaí tarmligthe faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle mar a fhoráiltear in Airteagal 23 de Rialachán EMSWe.

D'fheidhmigh an Coimisiún go gníomhach agus go hiomchuí na cumhachtaí tarmligthe a tugadh dó le Rialachán EMSWe. An tráth céanna, measann an Coimisiún go raibh sé iomchuí agus go bhfuil sé fós iomchuí síneadh a chur leis an tarmligean cumhachta sin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán EMSWe (síneadh intuigthe). Cuirfidh an síneadh sin ar a chumas don Choimisiún leanúint de Rialachán EMSWe a fhorlíonadh agus raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán EMSWe agus thacar sonraí EMSWe a thabhairt cothrom le

[6] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.
[7] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=ga&groupID=3450.

dáta go tréimhsiúil, lena sainítear raon feidhme an mhéid a thuairiscítear i ngach Ionad Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta, rud a áiritheoidh cur chun feidhme comhchuibhithe Rialachán EMSWe.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.